BBC GAEILGE TELEVISION COMMISSIONING BRIEF

AUGUST 2021

The BBC Gaeilge Television Commissioning Strategy aims to build a varied portfolio of ambitious, relevant and high-impact programming with high production values.

At the heart of our commissioning strategy is the audience, a diverse group with a wide range of interests and levels of ability in the language. Many non-Irish speakers also enjoy subtitled Irish language television content.

Our programming should have meaning and relevance to these wide audiences and some of our output will make a significant contribution to people's understanding of the Irish language and its cultural and historical contexts.

All Irish language programming which receives 75% production funding from the Irish Language Broadcast Fund must have minimum 75% Irish language speech content and be subtitled in English.

We urge you to submit proposals which are well thought through and which have some meaningful research already done prior to submission.

SUBMITTING YOUR IDEAS
BBC Pitch is the established tool for submitting ideas to BBC NI.
All proposals should be discussed with Commissioning Executive, BBC Gaeilge ahead of the deadline for submission on BBC Pitch on **Friday 27th August 2021 at 1200 midday.**

We will communicate all outcomes for your ideas should they be shortlisted for further development, for pitching to the commissioning team, or rejected.

KAREN KIRBY
Feidhmeannach Coimisiúnaithe, BBC Gaeilge

AUGUST 2021

Proposals will be assessed in line with the following commissioning priorities:

1. **60' FACTUAL DOCUMENTARY**
2. **CEILIÚRADH NA FÉILE PÁDRAIG, MARCH 2022**

See below for genre summaries and expectations.

1. **60' FACTUAL DOCUMENTARY**

This commissioning round offers producers an opportunity to add to the strong portfolio of 60' Irish Language documentaries for broadcast on Sunday nights at 2200 on BBC Two NI.

Documentaries which examine elements of our cultural history and historical events in a contemporary tone such as: *Toraigh – Creag Bheag i Lár na Farraige, Nazi sa Ghaeltacht, An Fhidil Bheo – Ceol an Northern Fiddler, Sam Henry – Saol 's Saothar* have been appreciated by our audiences. There is an opportunity to discuss and propose other documentaries of this ilk in this commissioning round, but more particularly focusing on documentaries with contemporary storylines and themes.

Budget: Up to £75,000 per episode (including non-contributable broadcaster overheads).

Toraigh – Creag Bheag i Lár na Farraige

2. **CEILIÚRADH NA FÉILE PÁDRAIG, MARCH 2022**

BBC Gaeilge wishes to commission a 60' music performance programme to be broadcast on BBC Two Northern Ireland on St. Patrick's Night 2022.

In order to be able to pitch for this commission, you must be able to fulfil the following criteria:

- Have experience producing a live or as-live 60 minute music event in a venue other than a television studio that has been commissioned for and broadcast on BBC Northern Ireland in the last 5 years
- Have experience working with external stakeholders at venues to ensure safety and appropriate audience and event management
- An excellent knowledge and relationship with current, popular musicians performing in various musical genres, both locally and nationally
- A track record of producing and directing presenter(s) on location in front of a live audience

The St. Patrick's Night concert should reflect a diversity and range of musical styles that are enjoyed by a wide audience in Northern Ireland.
Whilst it would be anticipated, and expected, that some of the musical performances will be drawn from the Irish traditional and folk music genre, the hour-long programme should draw on a wide variety of performers who are well-known both locally and nationally in their chosen musical field. This should be a 'must-watch' programme for the core BBC NI audience.

Ceiliúradh na Féile Pádraig

FAISNÉIS CHOIMISIÚNAITHE TEILIFÍSE BBC GAEILGE

LÚNASA 2021

Is é is aidhm le straitéis choimisiúnaithe teilifíse BBC Gaeilge ná punann ilchineálach a thógáil de chláir uaillmhianacha, ábhartha a bhfuil tionchar láidir acu ar an phobal agus a bhfuil ardluachanna léiriúcháin acu.

I gcroílár na straitéise coimisiúnaithe atá againn, tá an lucht féachana, grúpa ilchineálach a bhfuil réimse leathan ábhar spéise agus leibhéal cumais sa teanga acu.

Bíonn a lán daoine nach bhfuil Gaeilge acu ag baint sult as inneachar teilifíse Gaeilge le fotheidil fosta.

Ba chóir ár gcuid clár a bheith bríomhar ábhartha do na spriocghrúpaí leathana seo agus cuid de na cláir sin, cuirfidh siad go suntasach le tuiscint daoine ar an Ghaeilge agus ar chomhthéacsanna cultúrtha agus stairiúla na teanga.

Gach clár Gaeilge a fhaigheann 75% den mhaoiniú léiriúcháin ó Chiste Craoltóireachta na Gaeilge, ní mór go mbeadh 75% den chaint ann i nGaeilge agus ní mór fotheidil i mBéarla a bheith leis.

Tá muid ag áitiú ort moltaí a chur isteach a bhfuil smaoineamh cúramach le feiceáil iontu agus a bhfuil taighde bríoch déanta cheana féin sula gcuirtear isteach iad.

DO CHUID SMAOINTE A CHUR ISTEACH

Is é **BBC Pitch** an uirlis ar socraíodh uirthi le smaointe a chur faoi bhráid BBC NI. Ba chóir gach moladh a phlé leis an Fheidhmeannach Coimisiúnaithe, BBC Gaeilge roimh an spriocdháta lena chur isteach ar BBC Pitch, **Dé hAoine 27ú Lúnasa, 2021 ag 1200 meán lae.**

D'fhéadfaí do chuid smaointe a chur ar an ghearrliosta le tuilleadh forbartha a fháil, a dhiúltú nó a choimisiúnú. Cibé rud atá i ndán dóibh, cuirfear an toradh sin in iúl duit.

KAREN KIRBY, Feidhmeannach Coimisiúnaithe, BBC Gaeilge

BBC GAEILGE

LÚNASA 2021

Déanfar moltaí a mheas insan ord tosaíochta seo a leannas:

1. **SCANNÁN FAISNÉISE FÍORASACH 60'**
2. **CEILIÚRADH NA FÉILE PÁDRAIG, MÁRTA 2022**

1. **SCANNÁN FAISNÉISE FÍORASACH 60'**

Cuireann an babhta coimisiúnaithe seo deis ar fáil do léiritheoirí cur leis an phunann láidir scannán faisnéise Gaeilge 60' atá le craoladh oícheanta Domhnaigh ag 2200 ar BBC Two NI.

Bhí dúil ag an lucht féachana i scannáin faisnéise a dhéanann scrúdú ar ghnéithe den stair chultúrtha agus na heachtraí stairiúla ar dhóigh nua-aimseartha amhail *Toraigh – Creag Bheag i Lár na Farraige, Nazi sa Ghaeltacht, An Fhidil Bheo – Ceol an Northern Fiddler, Sam Henry – Saol 's Saothar*.

Tá deis sa bhabhta coimisiúnaithe seo le scannáin faisnéise eile den chineál chéanna a phlé agus a mholadh, ach cuirfear fáilte roimh scannáin a bhfuil téamaí agus scéalaíocht níos comhaimseartha acu ach go háirithe sa bhabhta seo.

Buiséad: Suas le £75,000 sa chlár (lena n-áirítear forchostais neamh-inranníoctha an chraoltóra).

Toraigh – Creag Bheag i Lár na Farraige

2. CEILIÚRADH NA FÉILE PÁDRAIG, MÁRTA 2022

Is mian le BBC Gaeilge clár ceoil 60 bomaite a choimisiúnú a bheidh le craoladh ar BBC Two Northern Ireland Oíche Lá Fhéile Pádraig 2022.

Le go mbeifí ábalta cur isteach ar an choimisiún seo, chaithfí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Taithí ar ócáid bheo nó amhail is beo cheoil a léiriú in ionad nach stiúideo teilifíse é a coimisiúnaíodh do BBC Northern Ireland agus a craoladh air le 5 bliana anuas
- Taithí ar obair i bpáirt le páirtithe leasmhara seachtracha in ionaid le sábháilteacht agus bainistíocht chuí lucht éisteachta agus imeachta a chinntiú
- saineolas ar cheoltóirí reatha, agus dlúthchaidreamh leo, idir áitiúil agus náisiúnta, a bhfuil ardéileamh orthu agus a sheinneann seánraí éagsúla ceoil
- taifead oibre ar láithreoir(í) a léiriú agus a stiúradh ar an láthair os comhair lucht éisteachta beo.

Ba chóir go léireofaí i gceolchoirm Oíche Lá Fhéile Pádraig réimse de stíleanna ceoil a mbainfeadh lucht éisteachta leathan i dTuaisceart Éireann sult astu. Bheifí ag dúil, ar

ndóigh, gur de sheánra cheol traidisiúnta agus cheol tíre na hÉireann cuid den cheol a bheidh le cluinstin, ach ba chóir réimse leathan de cheoltóirí a sheinneann cineálacha éagsúla ceoil agus a bhfuil aithne fhorleathan orthu abhus agus ar fud na tíre a bheith i gceist i gclár uair an chloig. Ba chóir gur chlár 'a gcaithfear coimhéad air' é seo do chroí-lucht féachana BBC Northern Ireland.

Ceiliúradh na Féile Pádraig